



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Cúntóir Taighde

Post ar conradh – 12 mhí ó thús mhí Dheireadh Fómhair 2018

Tá cúntóir taighde ar conradh á earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), dúchas.ie agus gaois.ie. Beidh an cúntóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Riachtanais:

Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 i ngné na Gaeilge den chéim). Tá ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Ní mór d'iarrthóirí bheith sásta oibriú mar bhall de mheitheal idirdhisciplíneach, bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Is gá bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag iarrthóirí freisin.

Tuarastal: €21,674

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le Fiontar & Scoil na Gaeilge chun an post seo a phlé:
An Dr Gearóid Ó Cleircín (01-700 5789); gearoid.ocleircin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, an 17Lúnasa, faoi 17.00.

Táthar ag súil go réachtálfar agallaimh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Lúnasa/tús mhí Mheán Fómhair.

[Luaign go soiléir san iarratas agus i líne ábhair an r-phoist teideal an phoist a bhfuil tú ag cur isteach air: #954 Cúntóir Taighde](#)

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó:

Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500

R-phost: hr.applications@dcu.ie

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá cuid de na tionscadail thuas á bpáirtmhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.